# Gaelscoil Chill Dara

**045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com Uimhir Rolla: 20023A**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Uaireanta Oscailte:<br>9- 12 naíonáin bheaga go dtí 09.09.2020<br>Naíonáin mhóra 9-1.40<br>Ranganna 1-6 9 - 2.40 | | Ar maidin:<br>Bí cinnte go dtéann do pháiste go dtí an leithreas agus go nglanann siad a lámha roimh theacht ar scoil. |
| | Ar maidin:<br>Ní bheidh na páistí ag bailiú sa chlós.<br>Osclófar na doirse ó 8.50- 9.10, beidh na múinteoirí ag fanacht ar na páistí sna ranganna.<br>Beidh múinteoirí ag stiúradh na bpáistí ar maidin.<br>Ná tar ar scoil roimh 8.50 le bhur dtoil. Níl cead ach ag páistí & baill foirne teacht isteach go foirgneamh na scoile | | Obair bhaile:<br>Ní bheidh aon obair bhaile scríofa go dtí an 28.09.2020. Molaimid do na páistí a bheith ag léamh i gcónaí! Ní bheidh leabhair leabharlainne ag dul abhaile.<br>http://www.kildare.ie/Library/index.html |
| | Um thráthnóna:<br>Siúlfaidh na ranganna amach mar is gnáth ag am dul abhaile.<br>Naíonáin bheaga don chéad seachtain déan líne ar an gcosán taobh amuigh de sheomra do pháiste - scaradh sóisialta le bhur dtoil, ná tar roimh 11.55.<br>Naíonáin mhóra go dtí clós ⅚.<br>Ranganna 1-6 go bun an chnoic.<br>Iarraimid ar na tuismitheoirí scaradh sóisialta a chleachtadh agus mascanna a chaitheamh.<br>Iarraimid ar thuismitheoirí Ranganna 3/6 seasamh in aice leis an gcarr.<br>Iarrfaimid ar thuismitheoirí Ranganna ½ a sheasamh ar an gcosán ar chlé. | | Tinn ar scoil:<br>Má éiríonn páiste tinn i rith an lae tógfar go dtí seomra speisialta atá réitithe againn dóibh agus cuirfear glaoch abhaile, ní mór do na tuismitheoirí iad a bhailiú gan a thuilleadh moille.<br>Dean cinnte go bhfuil sonraí teagmhála suas go dáta ar Aladdin. |
| | Ar maidin:<br>Iarraimid ar thuismitheoirí na naíonán siúil leis na páistí go **doras na naíónáin.**<br>Ceadaítear do thuismitheoirí Ranganna ½ dóibh siuil in éineacht leo go **doras** ½ ar an gcosán agus ar ais ar an mbóthar. Córas aontreo i bhfeidhm. Scaradh sóisialta i gcónaí le bhur dtoil. | | Cás pinn luaidhe:<br>Iarraimid ar na páistí ó Rang 1-6 peann luaidhe, rialóir, bioróir, scriosán agus pinn luaidhe daite a thógáil ar scoil. Fanfaidh siad ar scoil. ( Peann dearg agus gorm/ dubh ranganna 3-6)<br>Níl aon fhearas ag teastáil ó na naíonáin, tá pinn luaidhe srl ag na múinteoirí dóibh. |

# Gaelscoil Chill Dara

**045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com Uimhir Rolla: 20023A**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | Ranganna 3-6:<br>Iarraimid ar thuismitheoirí Rang 3-6 na páistí a fhágáil ag an gcarrchlós agus gan an carr a fhágáil ar maidin nó um thráthnóna. Seas in aice le do charr um thráthnóna le do thoil. | | Beimid ag dul amach go laethúil, bí cinnte go bhfuil cóta ag do pháiste gach lá agus bróga compórdacha.<br>Caithfidh na páistí Ranganna 1-6 cultacha reatha gach Luan, Céadaoin, Aoine. Caitheann na naíonán cultacha reatha gach lá. |
| | Moltar do pháistí siúil nó rothaíocht ar scoil. Is féidir rothair a fhágáil in aice le príomhdhoras na scoile. | | Na leithis:<br>Beidh seomra folctha faoi leith do gach uile rang sa scoil. |
| | Cuairteoirí:<br>Ní cheadaítear do thuismitheoirí/ do chuairteoirí teacht isteach go suíomh na scoile faoi láthair gan choinne. Má tá ort páiste a bhailiú go luath, tabhair an méid is mó fogra gur féidir. | | Tinn sa bhaile, fan sa bhaile:<br>Caithfear páistí a choinneáil sa bhaile má tá comharthí covid orthu nó muna bhfuil siad ar fónamh.<br>**Fiabhras (Teocht Ard 38 céim Celsius nó níos mó)**<br>**Casacht - Aon saghas casacht, ní gá go mbeadh sé tirim**<br>**Giorra Anála nó deacrachtaí análaNíl an blas nó an boladh céanna ar rudaí**<br>**Caithfidh baill foirne fanacht sa bhaile chomh maith má tá comharthaí covid orthu.** |
| | Rinne mé dearmad ar mo…;<br>Má dhéanann do pháiste dearmad ar an lón/ cóta, fág an lón sa bhosca ag an príomhdhoras agus glaoigh ar an oifig. | | Laethanta saoire thar lear:<br>Caithfidh páistí fanacht sa bhaile taréis saoire thar lear i dtír nach bhfuil ar an liosta glas. |
| | An fhoireann:<br>Tabharfaidh gach ball foirne faoi Oiliúint Ionduchtaithe Covid-19. | | Glantachán:<br>Glantar na seomraí go laethúil.<br>Beidh glantóirí ag glanadh ó 12 gach lá.<br>Leanfaidh an glanadh ar aghaidh um thráthnóna. |
| | Beidh an fhoireann ag caitheamh clúdach aghaidhe nó scathlán agus iad níos gaire ná 2m do na páistí. Iarraimid ar na daoine fásta ar fad clúdach aghaidhe a chaith taobh istigh de gheataí na scoile. | | Na pobail:<br>Tá ceithre phobal sa scoil.<br>Na Naíonáin<br>Ranga ½<br>Rang ¾<br>Rang ⅚<br>Beimid ag cloí le treoracha na Roinne agus FSS. |
| | Lámha a ní agus díghalrán á úsáid:<br>Ar theacht ar scoil dóibh<br>Sula n-itheann siad nó sula n-ólann siad | | Na ranganna:<br>I ngach pobal beidh ranganna, i ngach rang beidh grúpaí/ neadacha. Fanfaidh |

# Gaelscoil Chill Dara

045 442300 oifig@gaelscoilchilldara.com Uimhir Rolla: 20023A

| | | | |
|---|---|---|---|
| | I ndiaidh dóibh a bheith ag súgradh lasmuigh<br>Nuair a bhíonn a lámha salach<br>Nuair a dhéanann siad casacht nó sraoth. | | na páistí leis an rang don lá. Fanfaidh na páistí leis na neadacha taobh istigh den rang den lá. Tá na ranganna go léir leagtha amach chomh maith agus is féidir linn maidir le scaradh sóisialta a chleachtadh.<br>Beidh cead acu spraoi le páistí ag an leibhéal ranga céanna ag am spraoi, taobh amuigh amháin. Iarrfaimid orthu scaradh sóisialta a chleachtadh i gcónaí. Led'thoil labhair le do pháiste maidir le seo. |
|  | Corpoideachas:<br>Tá go leor acmhainní nua ceannaithe ag an scoil don chorpoideachas. Ní bheidh ranganna ag roinnt liathróídí srl. |  | Am spraoi sa chlós:<br>Beidh clár ama nua aginn don chlós ionas nach mbeidh ach dhá rang sa chlós le chéile. |
|  | Scaradh sóisialta:<br>Beidh polasaí gan croitheadh láimhe i bhfeidhm. Iarrfaimid ar na páistí scaradh sóisialta a chleachtadh. Ná leag lámh ar éinne eile le grá nó le gráin. |  | Fearas scoile:<br>Ní bheidh cead ag na páistí fearas scoile nó leabhair a roinnt. Bí cinnte go bhfuil ainm do pháiste ar gach rud a bhaineann leo.<br>Cóta, mála, bosca lóin srl. |
|  | Mála scoile:<br>Sa mhála scoile beidh dialann scoile ( le teacht), Bosca lóin, ciarsúir, tuáille aghaidhe agus díghalrán lámh ( NB rogha na dtuismitheoirí, bí cinnte go bhfuil sé páiste cairdiúil). |  | Na leabhair scoile:<br>Fágfaidh na páistí roinnt leabhair ar scoil agus cinn eile sa bhaile. Cheannaigh an scoil boscaí agus fillteáin do na leabhair agus na pinn luaidhe srl do na páistí go léir. Is féidir na leabhair a clúdú le pé cludach a oireann duit. |
|  | Cuirfear tacaíocht foghlama ar fáil. Glanfar na boird agus cathoireacha idir gach grúpa difriúil. Beidh na múinteoirí ag obair leis an bpobal céanna i gcónaí.<br>Múinteoir Sibéal - Naíonáin<br>Múinteoir Karen - Ranganna ½<br>Múinteoir Eunice - Ranganna ¾<br>Múinteoir Valerie/ Martina -Ranganna5/6 |  | Boscaí Lóin:<br>Tá cead ag na páistí boscaí lóin a thógáil ar scoil. Níl cead acu lón a roinnt. Níl cead acu cnónna a thógáil go GSCD. Tógfaidh siad an bruscar abhaile in éineacht leo. Glan an bosca lóin gach tráthnóna. |
|  | Tacaíocht sa bhreis:<br>Má tá do pháiste ag fanacht sa bhaile ar feadh tamaillín déan |  | Tá sé mar freagracht orainn ar fad fanacht suas chun dáta maidir le trorlínte COVID-19 agus iad a leanúint, chun gach duine a chosaint. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | teagmháil linn agus roinnfimid an obair scoile leo ionas go féidir leis an bhfoghlaim leanúint ar aghaidh i gcónaí. | | |
| | Beidh na páistí sona sásta ag foghlaim, ag fás agus ag forbairt le chéile, trí Ghaeilge. | | Beidh béim sa bhreis curtha ar folláine na bpáistí i mbliana. Ag fí na Follaine. |
| **Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!** | | | |

https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/protecting-your-child.html

https://www.gov.ie/en/publication/a04fc-advice-for-students-and-their-families/#health-advice-for-parents

https://www.gov.ie/en/publication/389bd-topics-being-raised-on-the-back-to-school-helpline/

https://www.gov.ie/en/publication/40e9c-protecting-your-child-from-coronavirus/

https://nascireland.org/covid-19-world-service